# Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2024



# Clár an ábhair


Réamhrá 3

Anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní 2024 4

Ráiteas ar an mBearna Phá idir na hInscní 2024 6

## 1. RÉAMHRÁ

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2022, tugadh isteach an bunús reachtaíochta chun tuairisicú a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní. De bharr na rialachán, beidh eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 250 fostaí faoi cheangal dlí tuarascáil a sholáthar faoin mbearna phá idir na hinscní a bhí san eagraíocht sa bhliain 2024.

Is é seo an chéad Tuarascáil faoin mBearna Phá idir na hInscní de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí. Bunaíodh í ar ghrúpa fostaithe a ndearnadh anailís orthu ar 28 Meitheamh 2024. Is éard atá sa bhearna phá ná an difear idir an meánphá san uair idir fir agus mná in eagraíocht, beag beann ar shinsearacht.

Ní mór d'fhostóirí tuairisc a sholáthar maidir le sé bheart éagsúla, bunaithe ar roghbhlúire de shonraí pá ar dháta roghnaithe ag Oifig Comhionannais an Rialtais (I.R. Uimhir 264 de 2022):

1. Bearna phá airmheánach idir na hinscní – an difríocht idir ráta pá airmheánach in aghaidh na huaire a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
2. Meánbhearna phá idir na hinscní – an difríocht idir an mheánráta pá a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
3. Bearna bhónais airmheánach – an difríocht idir an bónas airmheánach a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha.
4. Meánbhearna bónais – an difriocht idir an meánphá bónais a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha.
5. Comhréir na mbónas – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann ábhartha a fuair bónas sa tréimhse ábhartha.
6. Bandaí pá ceathairíleacha – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann i bpoist lánaimseartha ábhartha sna ceithre bandaí pá ceathairíleacha – íseal, méaníseal, meánuachtarach agus uachtarach.

Ina theannta sin, ní mór d'fhostóirí ráiteas a fhoilsiú ina leagtar amach, i dtuairim na bhfostaithe, an fáth go bhfuil bearna phá idir na hinscní ina gcomhlacht, agus na bearta atá á ndéanamh nó a bheidh á ndéanamh ag an bhfostóir chun deireadh a chur leis an mbearna phá sin nó í a laghdú.

## 2. ANAILÍS AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ 2024

Léiríonn an tuarascáil gurb í 4.78% an Mheánbhearna Phá idir na hInscní atá ann agus .73% an Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní atá ann.

Ar an iomlán, is é seo an miondealú inscne a bhí ann: Fireann 29.74% Baineann 70.26%

- Páirtaimseartha Fireann 26.72% Baineann 73.28%
- Lánaimseartha Fireann 31.31% Baineann 68.69%

| | | |
|---|---|---|
| Dáta Roghbhlúire | 28 Meitheamh 2024 | **Meán: 4.78% Airmheán: .73%** |
| Tréimhse thuairiscithe – Ó | 28 Meitheamh 2024 | |
| Tréimhse thuairiscithe – Go dtí | 28 Meitheamh 2024 | |

**Líon na nDaoine ar an Dáta Roghbhlúire**

| Líon na nDaoine | Fostaithe Lánaimseartha | Fostaithe Páirtaimseartha | **Líon iomlán na bhFostaithe** | Fostaithe sealadacha |
|---|---|---|---|---|
| Fireann | 237 | 105 | **342** | 0 |
| Baineann | 520 | 288 | **808** | 0 |
| **Iomlán** | **757** | **393** | **1150** | **0** |

**Méadracht ar an mBearna Phá idir na hInscní *[Rialacháin 7(1), 8(1), 9(1), 10(1)]***

| | **Bearna Phá idir na hInscní san Íocaíocht in aghaidh na hUaire** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Meán | % | Airmheán | % |
| Fostaithe Lánaimseartha | R.7(1)(a) | **4.47** | *R.8(1)(a)* | **6.4** |
| Fostaithe Páirtaimseartha | R.7(1)(b) | **4.21** | *R.8(1)(b)* | **.41** |
| Oibrithe Sealadacha | R.7(1)(c) | **0** | *R.8(1)(c)* | **0** |

| | **Bearna Phá idir na hInscní maidir le Bónas** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Meán | % | Airmheán | % |
| Bónas | R.9(1)(a) | N/B | R.9(1)(b) | N/B |

| | % na bhFostaithe Fireann | | % na bhFostaithe Baineann | |
|---|---|---|---|---|
| % atá ag fáil Bónas | R.9(1)( c ) | N/B | R.9(1)( c ) | N/B |
| % atá ag fáil Sochar Comhchineáil | R.9(1)(d) | N/B | R.9(1)(d) | N/B |

| **Ceathairíleanna Pá** | | % Fireann | | % Baineann |
|---|---|---|---|---|
| Ceathairíl 1 | *R.10(1)(a)* | **50.19** | *R.10(1)(a)* | **49.81** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceathairíl 2 | *R.10(1)(b)* | **49.84** | *R.10(1)(b)* | **50.16** |
| Ceathairíl 3 | *R.10(1)(c)* | **50.78** | *R.10(1)(c)* | **49.22** |
| Ceathairíl 4 | *R.10(1)(d)* | **51.61** | *R.10(1)(d)* | **48.39** |

Fostaithe Lánaimseartha:

*Meánbhearna Phá idir na hInscní d'fhostaithe lánaimseartha*

Is í an meánbhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire ná 4.47% i bhfabhar fostaithe fireann/baineann.

*Bearna Phá Airmheánach d'fhostaithe lánaimseartha*

Is í an bhearna phá airmheánach d'fhostaithe lánaimseartha ná 6.4% i bhfabhar fostaithe fireann/baineann.

Fostaithe páirtaimseartha:

*Meánbhearna phá idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha*

Is í an meánbhearna phá idir na hInscní in aghaidh na huaire d'fhostaithe páirtaimseartha ná 4.21% i bhfabhar fostaithe fireann/baineann.

*Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha*

Is í an bhearna phá airmheánach idir na hinscní d'fhostaithe páirtaimseartha ná .41% i bhfabhar fostaithe fireann/baineann.

## 3. RÁITEAS AR BHEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ 2022

Déanann an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, scálaí tuarastail na mBord Oideachais agus Oiliúna a fhaomhadh. Níl aon solúbthacht ann scálaí tuarastail eile a chur i bhfeidhm maidir le tacar sainscileanna ar bith. Tarlaíonn sé ó am go ham go bhfuil fostaí nua ag bogadh ó phost sa tseirbhís phoiblí. Má cheaptar é/í i bpost a mheastar go bhfuil sé analógach leis an ngrád/scála atá aige/aici cheana féin, d'fhéadfaí an fostaí nua a cheapadh ag an bpointe atá acu ar an scála ag an am sin.

LOETB le gach scála seirbhíse poiblí agus le gach comhaontú pá atá ann. Cinntíonn sé seo go n-íoctar gach duine go cothrom don obair a dhéantar nó d'obair atá cosúil leis an obair sin. Cloímid freisin le Ciorclán 47/2020 – Socruithe athbhreithnithe maidir le pá tosaigh. Sa chiorclán seo deirtear go gcaithimid daoine a cheapadh ag an íosphointe ar an scála.

LOETB Déanann a dhícheall dul de réir an dea-chleachtais agus déantar cinnte de go bhfuil rochtain ag cách ar ár n-áiteanna oibre. Tá oiliúint faighte ag gach ball de na boird roghnúcháin agallaimh maidir leis an gclaontacht neamh-chomhfhiosach agus cúrsaí míchumais agus déanann siad cinnte de go bhfuil gach polasaí agus nós imeachta ionchuimsitheach agus inrochtana.

Cad is cúis leis na difríochtaí inscne ná go bhfuil níos mó mná ná fir fostaithe ag LOETB i mbeagnach gach grád. Mar sin, d'fhéadfaí an cheist a chur – cén fáth an bhfuil bearna phá idir na hinscní ann? Taispeánann an anailís atá déanta againn gurb iad mná, den chuid is mó, a bhaineann leas as scéimeanna a oireann do theaghlaigh. Má bheartaíonn fostaithe post a roinnt, bliain oibre níos giorra a bheith acu srl. laghdófar a bpá bliantúlaithe agus is iad mná den chuid is mó sa LOETB a bhaineann leas as scéimeanna atá oiriúnach do theaghlaigh. Dá bharr sin, tagann bearna phá chun cinn idir na hinscní.

LOETB, Leanfaidh air anailís a dhéanamh ar ár dtuarascálacha bliantúla ar Bhearnaí Phá idir na hInscní, agus forbróimid gníomhartha agus tionscnaimh mar is gá sna blianta atá romhainn chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn, tar éis dul i gcomhairle nuair is cuí leis an Roinn Oideachais/an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.